

CUNTAIS AN CHISTE

Rialtais Áitiúil 2013

agus

Tuarascáil an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste



CUNTAIS AN CHISTE
Rialtais Áitiúil 2013
agus
Tuarascáil an Ard-Reachtair
Cuntas agus Ciste

Clár na nÁbhar

Leathanach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	1-2
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	3
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	4
Clár Comhardaithe	5
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	6
Nótaí leis na Cuntais	7-12
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	13

Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2013

Ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú. Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oireagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, le creat na nósanna imeachta riaracháin, agus le tuairiscithe agus iniúchadh inmheánach a bhainistiú.

An Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- bunaíodh socruithe maidir le tuairisciú ar gach leibhéal arna shannadh freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach cuí a áirithiú.
- tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialuithe Rialacháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis


Ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

- oibrítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú


Iniúchadh Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

Arna Síniú


John McCarthy
Ard-Rúnaí

Dáta



Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil, 2013 **Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta**

1. Ginearálta

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999 i leith.

Íoctar fáiltas ó mhótarcháin (lúide aisíocaíochtaí) agus ón muirear teaghlaigh a bailíodh anuas go dtí an 30 Meitheamh 2013 (feic Nóta 2) isteach sa Chiste.

Déanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Ciste Rialtais Áitiúil a bhainistiú agus déantar na costais riaracháin a ghabhann leis a ghearradh ar Vóta 25.

Ullmhaíodh na cuntais seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013.

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhráithe ach amháin mar a léirítear thíos.

2. Aitheantas Ioncaim

Léiríonn ioncam ar mhótarcháin suimeanna a bhailíonn na hÚdaráis Mhótarchánach agus atá dlite don Chiste, faoi réir Alt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998. Léiríonn ioncam ón Muirear Teaghlaigh an tsuim a bhailigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil sa bhliain de réir Alt 17 den Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011 agus atá iníoctha leis an gciste faoi Alt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998 arna leasú le hAlt 17 den Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Aithnítear ús bainc ar bhonn fabhráithe.

3. Recognition of Expenditure

Aithnítear caiteachas ón gCiste ar an mbonn seo a leanas:

- leithdháiltí a mheastar a bheith dlite d'údaráis áitiúla sa bhliain 2013.
- forchúitimh atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, (Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí agus Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí) ó chuntas an Chiste.
- forchúiteamh caiteachais ar scéimeanna ceadaithe maidir le Grúpscéimeanna Uisce; agus
- caiteachas atá ceadaithe ag an Aire.


An Ciste Rialtais Áitiúil

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

		<u>2013</u>	<u>2012</u>
<u>Ioncam</u>	<u>Nótaí</u>	€	€
Ioncam Mótarchánach	1	1,135,464,153	1,052,863,980
Muirear Teaghlaigh	2	23,340,945	113,914,055
Ús Bainc		180,715	602,193
Ioncam Iomlán		<u>1,158,985,813</u>	<u>1,167,380,228</u>
<u>Caiteachas</u>			
Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla			
Íocaíochtaí Ilchuspóireacha	3	640,903,434	637,106,314
Seirbhísí Uisce	4	26,349,343	36,796,248
Rialtas Áitiúil Nuálaíocht agus Athchóiriú	5	1,401,453	28,454
Bearta um Chuimsiú Sóisialta	6	516,353	616,317
Coistí na Réigiún	7	263,050	248,626
Seirbhísí Dóiteáin	8	152,368	245,391
Eile	9	102,500	93,483
Maoiniú d'Aimsir Chrua Gheimhridh		-	700,000
Áiseanna Spóirt don Phobal		-	319,682
		<u>669,688,501</u>	<u>676,154,515</u>
Íocaíochtaí leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt			
Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí	10	407,987,000	404,524,000
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí	11	13,854,130	13,905,958
Riarachán an Cheadúnaithe Tiománaithe		-	106,221
		<u>421,841,130</u>	<u>418,536,179</u>
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil			
Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh	12	2,743,651	6,709,545
Rialtas Áitiúil Nuálaíocht agus Athchóiriú	13	2,313,463	-
Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas	14	5,000	-
		<u>5,062,114</u>	<u>6,709,545</u>
Íocaíochtaí Eile			
Státchiste	15	100,000,000	46,500,000
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	16	10,487,470	-
Tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla	17	99,000	157,982
Eile	18	164,312	87,346
		<u>110,750,782</u>	<u>46,745,328</u>
Caiteachas Iomlán		<u>1,207,342,527</u>	<u>1,148,145,567</u>
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		(48,356,714)	19,234,661
Barrachas Carntha amhail an 1 Eanáir		142,852,773	123,618,112
Barrachas Carntha amhail an 31 Nollaig		<u>94,496,059</u>	<u>142,852,773</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus Nótaí 1 go 21.

Arna Síniú 
John McCarthy
Ard-Rúnaí


Dáta 

An Ciste Rialtais Áitiúil

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

		<u>2013</u>	<u>2012</u>
	<u>Nótaí</u>	€	€
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Banc		88,972,581	132,096,703
Mótarcháin atá dlite	19	5,337,643	9,798,576
Muirear Teaghlaigh atá dlite	20	200,000	1,009,055
		<u>94,510,224</u>	<u>142,904,334</u>
<u>Dliteanais Reatha</u>			
Fabhruithe	21	14,165	51,561
Glansócmhainní		<u>94,496,059</u>	<u>142,852,773</u>
Léirithe ag an mBarrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>94,496,059</u>	<u>142,852,773</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus Nótaí 1 go 21.

Arna Síniú 
John McCarthy
Ard-Rúnaí


Dáta 

An Ciste Rialtais Áitiúil Ráiteas ar Shreabhadh Airgid amhail an 31 Nollaig 2013

	<u>2013</u>	<u>2012</u>
	€	€
<u>Réiteach barrachais/easnaimh chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u>		
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	(48,356,714)	19,234,661
Ús Tuillte ar Thaiscí	(180,715)	(602,193)
Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe	5,269,988	(3,934,317)
(Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe	<u>(37,396)</u>	<u>6,430</u>
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u><u>(43,304,837)</u></u>	<u><u>14,704,581</u></u>
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(43,304,837)	14,704,581
Toradh ar Infheistíochtaí agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas		
Ús Tuillte ar Thaiscí	<u>180,715</u>	<u>602,193</u>
(Laghdú)/Méadú ar Airgead Tirim	<u><u>(43,124,122)</u></u>	<u><u>15,306,774</u></u>
<u>Réiteach glansreafaí airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí</u>		
Athruithe ar Ghlan-Chistí de bharr Sreabhadh Airgid		
Glanchistí amhail tús na Bliana	132,096,703	116,789,929
Glanchistí amhail deireadh na Bliana	<u>88,972,581</u>	<u>132,096,703</u>
(Laghdú)/Méadú ar Airgead Tirim sa Bhliain	<u><u>(43,124,122)</u></u>	<u><u>15,306,774</u></u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus Nótaí 1 go 21.

Arna Síniú


John McCarthy
Ard-Rúnaí

Dáta


29/9/14

Nótaí leis na Cuntais

1. Ioncam Mótarchánach

Léiríonn an figiúr seo cáin ar mhótarfheithiclí, dleachtanna ceadúnais tiomána (feic Nóta 16) agus táillí agus dleachtanna ilghnéitheacha a bhailigh na hÚdaráis Mhótarchánach tar éis foráil d'aisíocaíochtaí.

	2013	2012
	€	€
Ioncam comhlán	1,136,747,932	1,054,227,058
Lúide aisíocaíochtaí	<u>(1,283,779)</u>	<u>(1,363,078)</u>
Glanioncam	<u>1,135,464,153</u>	<u>1,052,863,980</u>

2. Muirear Teaghlaigh

	2013	2012
	€	€
Ioncam comhlán	23,406,967	113,914,055
Lúide foráil d'aisíocaíochtaí	<u>(66,022)</u>	<u>-</u>
Glanioncam	<u>23,340,945</u>	<u>113,914,055</u>

Léiríonn an figiúr seo an tsuim a bailíodh mar Mhuirear Teaghlaigh in 2013 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Faoin Acht, tá úinéir réadmhaoine cónaithe faoi dhliteanas, ar an dáta dlite, an Muirear Teaghlaigh a íoc, mura bhfaighidh an t-úinéir díolúine nó mura bhfuil cead ag an úinéir tarscaoileadh a éileamh. Bhailigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil an Muirear Teaghlaigh ar bhonn seirbhís/gníomhaireacht chomhroinnte do na comhairlí contae agus cathrach uile anuas go dtí an 30 Meitheamh 2013.

Baineann an Muirear Teaghlaigh leis an mbliain 2012 amháin agus tá feidhm ag Cáin Mhaoine Áitiúil le héifeacht ón 1 Iúil 2013. D'aistrigh an fhreagracht maidir leis na muirir teaghlaigh nár íocadh nó nár bailíodh chuig na Coimisinéirí Ioncaim le héifeacht ón 1 Iúil 2013. Murar íocadh as an Muirear Teaghlaigh do 2012, nó murar íocadh ach cuid de faoin 1 Iúil 2013, beidh suim na riaráistí (lena n-áirítear pionóis as íocaíocht dhéanach) san áireamh mar chuid den dliteanas Cáin Mhaoine Áitiúil i leith na maoine. I ndáiríre, rinneadh muirear Cáin Mhaoine Áitiúil de riaráistí an Mhuirir Teaghlaigh agus baileoidh na Coimisinéirí Ioncaim é.

3. Íocaíochtaí Ilchuspóireacha

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí le húdaráis áitiúla i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2013 agus tá sé bunaithe ar riachtanais agus acmhainní na n-údarás áitiúil agus ar an mbeartas comhionannaithe a oibríonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ina theannta sin, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, choinnigh údaráis áitiúla €76 milliún in asbhaintí a bhain le pinsin in 2013 ar mhaithe le hilchuspóirí (€78 milliún in 2012).

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

4. Seirbhísí Uisce

Baineann an caiteachas seo leo seo a leanas:

Grúpscéimeanna Uisce

Forchúiteamh caiteachais a rinne údaráis áitiúla le grúpscéimeanna uisce don scéim fóirdheontais i leith na gcostas oibriúcháin a bhain le huisce a sholáthar le haghaidh úsáid teaghlaigh. Cuimsíonn sé freisin cúnamh airgeadais a cuireadh ar fáil d'íoc na gcostas a thabhaigh na húdaráis áitiúla maidir le riarachán an Chláir Uisce Tuaithe dhéabhlóidithe. B'ionann costas na nGrúpscéimeanna Uisce in 2013 agus €19.4 milliún (€24.6 milliún in 2012).

Uisce agus Dramhuisce Údarás Áitiúil

B'ionann na deontais speisialta a íocadh le húdaráis áitiúla chun cabhrú leo costais a bhain le hoibriú agus le cothabháil ionaid cóireála nuachríochnaithe a íoc agus €3.1 milliún (€5.2 milliún in 2012) agus b'ionann na costais a bhain le costais ghinearálta a thabhaigh údaráis áitiúla maidir le bainistíocht a gcuid seirbhísí uisce agus dramhuisce agus €3 mhilliún (€5.9 milliún in 2012).

Deontas Oiliúna Údarás Áitiúil

In 2013, chuir an Roinn deontas speisialta ar fáil i gcomhair na gcostas oiliúna d'fhoireann an Údaráis Seirbhísí Uisce atá páirteach in oibriúcháin seirbhísí uisce agus i soláthar bonneagair. B'ionann an caiteachas iomlán ón gCiste Rialtais Áitiúil do 2013 agus €0.8 milliún (€0.9 milliún in 2012).

5. Rialtas Áitiúil Nuálaíocht agus Athchóiriú (feic Nóta 13 freisin)

Bhunaigh earnáil an Rialtais Áitiúil Oifig Bainistíochta Clár thiomnaithe chun an clár athchóirithe a chur chun cinn agus chun leasuithe oibriúcháin agus coigilteas lena mbaineann a bhaint amach. Tá ról tábhachtach ag an Oifig Bainistíochta Clár maidir le bailiú sonraí, cóimheas agus anailís ar thacair shonraí ábhartha a chuireann ar chumas earnáil an rialtais áitiúil staid bhonnlíne a bhunú i dtaca le saincheisteanna ábhartha. Bhí Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as riar Oifig Bainistíochta Clár Sheirbhísí Comhroinnte an Údaráis Áitiúil aníos go dtí an 31 Márta 2013. Ghlac an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil freagracht as riar na hOifige Bainistíochta Clár ón 1 Aibreán 2013.

6. Bearta um Chuimsiú Sóisialta

Léiríonn an caiteachas seo costais a thabhaigh agus a d'éiligh údaráis áitiúla maidir le haonaid chuimsithe shóisialta a sholáthar agus do bheartais um chuimsiú sóisialta i limistéir chlár RAPID.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

7. Coiste na Réigiún

Léiríonn sé seo an costas a bhain le freastal ar Thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún. Tá oifigí ag an toscaireacht i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil agus déanann sí ionadaíocht do leasanna rialtais áitiúil agus réigiúnaigh na hÉireann ar Choiste na Réigiún. Is tionól de chuid an Aontais Eorpaigh é Coiste na Réigiún a bunaíodh faoi chonradh. Tá cúraimí ar leith air laistigh de mhórstruchtúir reachtaíochta an AE. Tá toscairí air ó na 28 tír san Aontas Eorpach a dhéanann ionadaíocht do rialtas áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas cinnteoireachta an AE. Tá an maoiniú chun costas Thoscaireacht na hÉireann a íoc á chur ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall, óna bhfaigheann Toscaireacht na hÉireann a maoiniú.

8. Seirbhísí Dóiteáin

Léiríonn an caiteachas seo an costas a bhaineann le daoine ar iasacht ó údaráis dóiteáin áitiúla timpeall na tíre, nuair a bhaintear úsáid as saineolas agus taithe na noifigeach dóiteáin reatha chun clár nuachóirithe agus athraithe don tseirbhís dóiteáin a chur ar aghaidh ar leibhéal náisiúnta.

9. Maoiniú eile d'údaráis áitiúla

Tugtar cúnamh d'údaráis áitiúla chun na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha a íoc mar seo a leanas:

	2013	2012
	€	€
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	52,500	52,500
Diméin Chaisleán an Chomair	50,000	-
Ionaid Ilfhreastail	-	31,744
Comhpháirtíocht Áitiúil	-	9,239
Iomlán	102,500	93,483

10. Bóithre agus Bonneagar Seirbhíse Poiblí

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ón gCiste chun cabhrú le húdaráis áitiúla costais a íoc a bhain le clár oibreacha i leith bóithre réigiúnacha agus áitiúla (ar tugadh Clár na mBóithre Neamh-Náisiúnta air roimhe seo) agus bonneagar iompair phoiblí. Tá cead ag an Aire íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de bhua an Achta Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007 agus an tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

11. Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Cheadúnas Tiomána agus Feithiclí

Léiríonn sé seo an tsuim inmhuirir i leith an Chiste maidir le caiteachas a thabhaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar gheall ar Cheadúnú Feithiclí agus Tiománaithe faoi réir Alt 6(5) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

12. Riarachán an Mhuirir Teaghlaigh

Rinne an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil córas an Mhuirir Teaghlaigh a riar ar bhonn seirbhís/gníomhaireacht chomhroinnte do na comhairlí contae agus cathrach uile aníos go dtí an 30 Meitheamh 2013. Costais foirne, costais TF, costais bhaincúireachta agus costais lóistín den chuid is mó ba ea na costais iomlána um Riar an Mhuirir Teaghlaigh a thabhaigh an Ghníomhaireacht in 2013.

13. Rialtas Áitiúil Nuálaíocht agus Athchóiriú (feic Nóta 5 freisin)

Ghlac an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil freagracht as riar Oifig Bainistíochta Clár Sheirbhísí Comhroinnte an Údaráis Áitiúil ó Chomhairle Contae Fhine Gall ón 1 Aibreán 2013. Ba iad bainistiú cistíochta, párolla agus aoisliúntas agus feidhmeanna cúloifige TFC na tionscadail Seirbhísí Comhroinnte a cuireadh chun cinn in 2013 ar tabhaíodh caiteachas ina leith.

14. Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Léiríonn sé seo íocaíocht a tugadh don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir le maoiniú le haghaidh 'Ghréasán na nOifigeach Rochtana' tiomanta a dhéanann monatóireacht ar obair na n-údarás áitiúil agus a chabhraíonn lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht um Míchumas agus an dea-chleachtas atá ann faoi láthair.

15. Íocaíocht an Státchiste

Íocadh €100 milliún leis an Státchiste ar iarratas an Aire Airgeadais, de bhun Alt 7 den Acht um Mótárfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2013.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

16. An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

De dheasca thabhairt isteach an cheadúnais tiomána i bhfoirm cárta plaisteach ón 1 Eanáir 2013, aistríodh an fhreagracht as an bhfeidhm um Cheadúnú Tiománaithe ó na húdaráis áitiúla chuig an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA). Le linn na hidirthréimhse in 2013, lean údaráis áitiúla orthu ag eisiúint Ceadúnais Tiomána thar ceann an RSA. Léiríonn an caiteachas seo forchúiteamh leis an RSA as a chuidsean den ioncam ón Táille Cheadúnas Tiomána a cuireadh ar ais sa chiste.

17. Tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla

Léiríonn an caiteachas seo costais a tabhaíodh agus a éilíodh maidir le tionscnaimh Comhpháirtíochta Áitiúla mar seo a leanas:

	2013	2012
	€	€
Clár Ceannaireachta IPA	99,000	-
Deontas Comhpháirtíochta	-	157,982
Iomlán	99,000	157,982

18. Eile

Tugtar maoiniú d'údaráis áitiúla freisin chun cuidiú leis na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha mar seo a leanas:

	2013	2012
	€	€
An Bille um Bearnú Mótarchánach – Fógraíocht	87,915	-
Comhairle um Sheirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil	55,341	10,164
Cathaoirleach Neamhspleách do Choiste Forfheidhmithe na nÚdarás Áitiúil	9,975	11,970
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí: Teagmháil Chuardaigh Feidhmiúcháin	6,729	-
Tús Áite do na Daoine – Cur i bhfeidhm	4,352	-
An Ciste Rialtais Áitiúil um Nuálaíocht	-	60,280
Seirbhísí Dóiteáin	-	4,932
Iomlán	164,312	87,346

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

19. Mótarcháin atá dlite

Léiríonn sé seo glandliteanas na nÚdarás Mótarchánach leis an gCiste maidir le Mótarcháin amhail an 31 Nollaig 2013. Cuimsítear ann:

	2013	2012
	€	€
Mótarcháin a bhí dlite ag deireadh na bliana	3,997,672	4,476,411
Airgead Mótarchánach a bhí faoi bhealach sa chóras baincéireachta amhail deireadh na bliana	1,339,971	5,322,165
Iomlán	<u>5,337,643</u>	<u>9,798,576</u>

20. Muirear Teaghlaigh atá dlite

Léiríonn sé seo suim an mhuirir teaghlaigh a bhailigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil atá le hóc leis an gCiste go fóill amhail an 31 Nollaig 2013.

21. Fabhruithe

Léiríonn sé seo dliteanais fhabhraithe mar seo a leanas:

	2013	2012
	€	€
Forchúiteamh an RSA maidir le Ceadúnas Tiomána	7,775	-
Cáin Shiarchoinneálach na Seirbhísí Gairmiúla atá le hóc leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith na bliana 2013	6,390	-
Seirbhísí Dóiteáin	-	41,397
Costais tuarastail do Chomhairleoir um Sheirbhísí	-	10,164
Comhroinnte don Rialtas Áitiúil	-	-
Iomlán	<u>14,165</u>	<u>51,561</u>



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Rialtais Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1998. Is éard atá sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú de réir na mbeartas cuntasáíochta dá dtagraítear, an Ráiteas ar Bheartais Chuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 3 den Acht, agus de réir cleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar idirbhearta an Chiste agus ar staid a chúrsaí, agus as rialtacht na n-idirbhearta a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiciúil d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh orthu seo:

- cibé acu an cúí nó nach cúí iad na beartais chuntasáíochta, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cúí

- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, léargas fírinneach cóir ar idirbhearta an Chiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 agus ar staid a chúrsaí ar an dáta sin.

I mo thuairimse, tá leabhair chuntas iomchuí á gcoimeád ag an Roinn. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntas.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgid do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
An 30 Meán Fómhair 2014

